

Feidhm: Ag tairiscint dí do dhuine agus ag glacadh le nó ag diúltú do thairiscint

Bileoga: 7.1

- Scaip **Bileog 7.1**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh. Bí cinnte go bhfuil na focail curtha faoi na teidil chearta sna ciorcail. Ansin léigh thusa na focail chun bheith cinnte go dtuigeann gach duine iad.
- Cuid C: Léigh tríd na treoracha. Déan druil leis an rang sula ligeann tú dóibh ceisteanna a chur ar a chéile le bheith cinnte go bhfuil an fhuaim cheart acu. Mar shampla:
 - An maith leat gramadach?
 - Is maith *nó* ní maith.
- Míneigh dóibh go mbeidh siad ag úsáid na bhfocal atá sa chiorcal *ainmfhocail* chun na ceisteanna a chur.

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhaoine an nglacann siad bainne agus siúcra agus ag freagairt na ceiste sin

Bileoga: 7.2, 7.3, 7.4 agus 7.5

- Scaip **Bileog 7.2**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na freagraí cearta leis an rang ansin.

Cad ba mhaith leat? Caife le do thoil/Ba mhaith liom caife.

Ar mhaith leat? Ba mhaith/Níor mhaith.

An mbeidh tae agat? Beidh/Ní bheidh.

- Míneigh dóibh nach féidir freagra ‘yes/no’ a thabhairt mar fhreagra ar an chéad cheist, go gcaithfidh tú a rá cad é ba mhaith leat. Is iad na freagraí gonta ‘yes/no’ atá tugtha don dá cheist eile. Míneigh dóibh gur féidir forbairt a dhéanamh ar na freagraí mar seo:

Ar mhaith leat caife? Ba mhaith. Ba mhaith liom caife bán le do thoil.

- Cuid B: Tabhair seans dóibh an dá bhriathar a dhéanamh san Aimsir Láithreach. Scríobh ar an chláir dubh iad nuair atá siad críochnaithe le bheith cinnte go bhfuil siad ceart ag an rang iomlán. Iarr ar na foghlaimeoirí na briathra a thabhairt duit seachas tú féin iad a chur ar fáil.
- Abair leo ansin Cuid C a dhéanamh. Cuir in iúl dóibh arís go mbraitheann na freagraí ar an bhriathar a úsáidtear sa cheist.

Freagraí:

An mbeidh gloine fíona agat?	<i>Beidh/Ní bheidh</i>
Ar mhaith leat caife?	Ba mhaith/Níor mhaith
An nglacann tú bainne?	Glacaim/Ní ghlacaim
An mbeidh pionta agat?	Beidh/Ní bheidh
An itheann tú iasc?	Ithim/Ní ithim
An maith leat fíon bán?	Is maith/Ní maith
Cad ba mhaith leat?	Ba mhaith liom. . .
Ar mhaith leat cupán tae?	Ba mhaith/Níor mhaith
An mbeidh siúcra agat?	Beidh/Ní bheidh
An ólann tú Guinness?	Ólaim/Ní ólaim
Ar mhaith leat gloine uisce?	Ba mhaith/Níor mhaith

Ansin iarr ar gach beirt na ceisteanna a chur ar a chéile – ag tógáil sealanna ag ceistiú agus ag freagairt.

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Beirt i gcoinne beirte atá i gceist.
- Bíodh cóipeanna déanta agat de **Bileog 7.3** do leath an ranga agus cóipeanna de **Bileog 7.4** don leath eile.
- Tabhair dhá **Bileog 7.3** do bheirt sa ghrúpa – Foireann A.
- Tabhair dhá **Bileog 7.4** don bheirt eile sa ghrúpa – Foireann B.
- Tá ar an dá fhoireann ceisteanna a chumadh agus a scríobh sa cholún **An Cheist**.
- Nuair atá na ceisteanna scríofa acu cuirfidh foireann A na ceisteanna ar fhoireann B agus caithfidh duine amháin ó fhoireann B an freagra ceart a thabhairt don cheist. Má thugann siad an freagra ceart cuirfidh foireann A pointe amháin sa cholún faoi **Scór**.
- Nuair atá na ceisteanna ar fad curtha malartaíonn an dá fhoireann rólanna.
- Cuirfidh foireann B anois na ceisteanna ar fhoireann A agus caithfidh duine amháin ó fhoireann A an freagra ceart a thabhairt don cheist. Má thugann siad an freagra ceart cuirfidh foireann B pointe amháin sa cholún faoi **Scór**.
- Ba cheart go nglacfadh gach beirt sealanna ag léamh amach na gceisteanna agus ag freagairt na gceisteanna.
- Cuid B: Caithfidh gach foireann an scór a dhéanamh don fhoireann eile agus an scór a fuair an fhoireann sin a léamh amach dóibh. Mura bhfuair siad na marcanna iomlána caithfidh an fhoireann atá ag tabhairt na marcanna a léiriú cén fáth ar chaill siad marcanna agus an freagra ceart a thabhairt.
- Scaip **Bileog 7.5** agus abair leis na foghlaimoirí Cuid A a dhéanamh.
- Nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip. Tabhair cúpla bomaite dóibh na ceisteanna a léamh agus a thuiscint faoi Chuid B.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad. Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.

- Cuid C: Caithfidh siad tamall a chaitheamh ag smaoinreamh ar cad é ba mhaith leo don sos caife. Beidh siad ag caint leis an duine in aice leo ag tairiscint agus ag glacadh/diúltú tae nó caife. Ansin iarr orthu siúl timpeall an ranga ag cur na gceisteanna céanna ar na daoine eile.
Sampla: Ar mhaith leat tae nó caife? Tae, le do thoil
An nglacann tú bainne nó siúcra? Bainne, le do thoil.
- Cuir ceist ar chúpla duine sa rang an roghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga ar fad.

Feidhm: Ag labhairt faoi bhia/faoi bhiachlár

Bileoga: 7.6, 7.7 agus 7.8

- Bíodh na focail ar **Bileog 7.6** gearrtha amach agat roimh an rang agus curtha i gclúdach litreach. Bíodh clúdach litreach amháin ann do gach triúr.
- Roinn an rang ina ghrúpaí de thriúr. Tabhair clúdach litreach do gach grúpa.
- Abair leo go bhfuil focail Ghaeilge ar bhianna éagsúla sa chlúdach litreach.
- Mínigh dóibh trí charn a dhéanamh as na focail.

Carn 1 – Na focail atá ar eolas acu.

Carn 2 – Na focail gur féidir leo buille faoi thuairim a thabhairt faoina mbrí.

Carn 3 – Na focail nach bhfuil ar eolas acu.

- Abair leo na focail ar fad a bhí i gcarn 3 a scríobh síos. Téigh siar ar na focail ar fad leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann gach duine cad is brí leo agus go bhfuil an fuaimniú ceart acu.
- Scaip **Bileog 7.7** ar an rang agus léigh na treoracha faoi Chuid A le bheith cinnte go dtuigeann gach duine cad é atá le déanamh.
- Nuair atá sé déanta acu léigh amach an bia ar fad atá ann do gach cúrsa.
- Cuid B: Téigh siar ar na ceisteanna atá ann faoi Chuid B. Nuair atá a rogha féin déanta ag gach duine iarr orthu ceist a chur ar an duine in aice leo cad é ba mhaith leis an duine sin ón bhiachlár. Ansin ceistigh daoine éagsúla sa rang faoi na roghanna a rinne siad.
- Scaip **Bileog 7.8**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Mínigh dóibh an *scenario* – go bhfuil beirt ag obair le chéile ag ullmhú béile sa bhaile. Gurb é an bia atá sa teach ná na focail sa chlúdach litreach (**Bileog 7.6** – gearrtha do gach beirt). Caithfidh siad cinneadh a dhéanamh faoi cad a bheas acu do gach cúrsa ag úsáid na bhfocal sa chlúdach litreach. Nuair atá a fhios acu cad é a bheas acu caithfidh siad na cúrsaí a scríobh sa bhiachlár.
- Cuid B: Tá ar na foghlaimeoirí ceist a chur ar ghrúpa eile de bheirt cad é an biachlár atá acu féin don chóisir.
- Cuir ceist ar chúpla grúpa cad é a roghnaigh siad don dinnéar nuair atá go leor ama caite acu ag labhairt le chéile.

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine cad é ba mhaith leis/léi le hithe agus ag freagairt na ceiste sin

Bileoga: 7.9

- Scaip **Bileog 7.9** agus léigh na treoracha agus an biachlár leis an rang iomlán. Bí cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh agus go dtuigeann siad gach rud ar an bhiachlár.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó. Tabhair seans dóibh na freagraí a bhreacadh síos sula gcuireann tú an téip ar siúl an dara huair.
- Déan plé ar cad é atá de dhíth ar na cuairteoirí ar fad. Faigh na freagraí ón rang seachas tusa na freagraí a chur ar fáil.
- Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.
- Cuid B: Gníomhaíocht scaoilte í seo. Abair leo an comhrá a bheith bunaithe ar an téip atá díreach cloiste acu. Abair leo chomh maith úsáid a bhaint as an bhiachlár ar **Bileog 7.7**.
- Mar shampla:
 - Cad é ba mhaith leat don phríomhchúrsa?
 - Beidh an sicín rósta agam, led' thoil.
 - Ar mhaith leat prátaí leis sin?
 - Ba mhaith. Go raibh maith agat.
- Nuair atá píosa cainte déanta acu cuir ceist ar gach duine faoi fhocal nó faoi fhrása ar bith a scríobh siad sa chiorcal agus cuidigh leo an Ghaeilge a aimsiú.
- Iarr ar chúpla duine sa rang a gcomhrá a dhéanamh os comhair an ranga.

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine cad é mar a bhí an béile/ar thaitin an béile leis/léi

Bileoga: 7.10, 7.11, 7.12 agus 7.13

- Scaip **Bileog 7.10** agus léigh tríd na treoracha agus na rialacha go mion. Míngigh nach bhfuil sna pointí gramadaí ach treoir ghinearálta ach go gcuideoidh na pointí seo leo inscne focal a aithint níos fearr.
- Sula dtosaíonn siad ar an ghníomhaíocht faoi Chuid A bí cinnte go dtuigeann siad gach pointe gramadaí atá ann. Abair leo mura bhfuil siad cinnte buille faoi thuairim a thabhairt.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leo nuair atá siad críochnaithe. Tabhair tuilleadh samplaí dóibh más gá.

Freagraí:

- Nuair a chríochnaíonn focal le consan caol (cáis): **baininsneach**

- Nuair a chríochnaíonn focal le consan leathan (bád) **firinsneach**
- Nuair a chríochnaíonn focal le guta (bainne) **firinsneach**
- Nuair a chríochnaíonn focal le -eog/-óg (leadóg/fuinneog) **baininsneach**
- Nuair a bhaineann focal le gairmeacha (dochtúir/bainisteoir) **firinsneach**
- Nuair a chríochnaíonn focal le -ín (cailín/báidín) **firinsneach**
- Nuair a chríochnaíonn focal le -(e)acht/-(a)íocht (feasacht/filíocht) **baininsneach**
- Cuid B: **Freagraí:**

Anraith <i>fr</i>	Bradán <i>fr</i>	Iasc <i>fr</i>	Stobhach <i>fr</i>
Sicín <i>fr</i>	Stéig <i>bn</i>	Piobar <i>fr</i>	Gairleog <i>bn</i>
Brocailí <i>fr</i>	Beacán <i>fr</i>	Trosc <i>fr</i>	Bagún <i>fr</i>
Uibheagán <i>fr</i>	Sailéad <i>fr</i>	Oinniún <i>fr</i>	Gliomach <i>fr</i>
Portán <i>fr</i>	Cadóg <i>bn</i>	Arán <i>fr</i>	Milseog <i>bn</i>

- Cuir ceist ar an rang cad é an focal ón liosta nár chloígh leis na rialacha. Tá an focal ‘anraith’ firinsneach cé go gcríochnaíonn sé le consan caol. Mínigh dóibh an tábhacht a bhaineann leis an fhoclóir a úsáid má tá siad in amhras faoi inscne fhocail.
- Scaip **Bileog 7.11** agus mínigh do na foghlaimeoirí go n-athraíonn tús an fhocail nuair a chuirtear an t-alt leis ag brath ar inscne an fhocail.
- Bí cinnte go bhfeiceann siad na hathruithe a thagann ar na focail faoi Chuid A sa dá ghrúpa.
- Tabhair seans dóibh ansin na ceistanna faoi Chuid A a phlé le chéile.

Freagraí:

Baininsneach – Grúpa B
Firinsneach – Grúpa A
Trí dhifríocht – Séimhiú ar **an bhábóg**, t ar **an tsráid** agus t ar **an t-uisce**

- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh ag úsáid an eolais faoi Chuid A agus ar **Bileog 7.10**. Bí tú féin thart le cuidiú leo.

Freagraí:

anraith	an t-anraith	oinniún	an t-oinniún
sicín	an sicín	iasc	an t-iasc
brocailí	an brocailí	piobar	an piobar

uibheagán	an t-uibheagán	trosc	an trosc
portán	an portán	cadóg	an chadóg
stobhach	an stobhach	sailéad	an sailéad
gairleog	an ghairleog	beacán	an beacán
bagún	an bagún	stéig	an stéig
gliomach	an gliomach	bradán	an bradán
milseog	an mhilseog	ispín	an t-ispín
arán	an t-arán	uachtar	an t-uachtar

- Déan cóip de **Bileog 7.12** do leath an ranga agus cóip de **Bileog 7.13** don leath eile. Má tá ochtar agat sa rang mar shampla déan ceithre chóip den dá bhileog.
- Cuir gach duine ag obair ina mbeirteanna.
- Tabhair **Bileog 7.12** do dhuine den bheirt agus **Bileog 7.13** don duine eile.
- Abair leo gan na bileoga a thaispeáint dá chéile.
- Iarr orthu féachaint ar an fhoclóir ar fad atá faoi Chuid A agus bí thusa thart le cuidiú leo mura dtuigeann siad gach rud.
- Cuid B: Scríobh sampla den chéad abairt mar shampla dóibh ar an chlár dubh.

Chuaigh mé chuig teach Shiobháin oíche Dé Sathairn...

- Tabhair tamall dóibh leis an chuntas a scríobh sula mbogann siad ar aghaidh go dtí Cuid C.
- Cuid C: Caithfidh siad anois eolas a fháil ón duine eile faoin bhéile a bhí aige/aici ag an deireadh seachtaine. Tá na ceisteanna ann le cuidiú leo.

Feidhm: Ag ordú bia i mbialann

Bileoga: 7.14

- Scaip **Bileog 7.14** ar an rang agus abair leis na foghlaimeoirí Cuid A a dhéanamh.
- Mínigh dóibh go bhfuil an t-alt dúshlánach go leor ach go bhfuil an ghluais ann le cuidiú leo.
- Nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin le Cuid B a dhéanamh.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.
- Léigh na treoracha faoi Chuid C agus ansin cuir an téip ar siúl.
- Nuair atá sé cloiste ag an rang dhá uair iarr ar chúpla duine an bia agus na deochanna éagsúla a sholáthar duit. Cuir an téip ar siúl arís ag an phointe seo má tá sé de dhíobháil ar an rang.

Feidhm: Ag cur tuairimí in iúl faoi bhéile

Bileoga: 7.15

- Scaip **Bileog 7.15**
- Cuid A: Léigh na treoracha agus cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Cuir ceist ar chúpla duine sa rang freagraí na gceisteanna a sholáthar duit.
- Cuid B: Beidh orthu cur síos a dhéanamh ar bhéile a bhí acu féin i gceann tamaill agus é a insint don duine in aice leo. Tá na boscaí ann le cuidiú leo smaoineamh ar an fhoclóir a bheas a dhíobháil orthu.
- Cuid C: Cuir gach beirt ag caint leis an duine in aice leo le fáil amach cad é mar a bhí an béile deireanach a bhí acu i mbialann. Tá na ceisteanna ann le cuidiú leo.
- Iarr ar chúpla duine sa rang cur síos a dhéanamh duit ar an bhéile deireanach a bhí acu.

Feidhm: Ag cur tuairimí in iúl faoi bhia traidisiúnta na hÉireann
Bileoga: 7.16

- Scaip **Bileog 7.16** ar na foghlaimeoirí agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Cuid A: Abair leo an uimhir atá le gach pictiúr a chur in aice leis an ainm ceart den bhia áirithe sin atá sa phictiúr.

Cál Ceannann (5)	Gríosctha friochta (3)	Arán donn (2)
Stobhach Éireannach (1)	Bagún agus Cabáiste (6)	Crúibíní (4)

- Bí cinnte go bhfuil an chiall cheart agus an fuaimniú ceart acu.
- Bíodh tú féin thart le cuidiú leo le focal ar bith nach bhfuil ar eolas acu.
- Déan plé faoin bhia leis an rang ar fad ansin. Cuir ceisteanna ar nós:

An maith leatsa crúibíní, a Sheáin?
An raibh cál ceannann riamh agat?
An bhfuil gríosctha friochta sláintiúil?

- Cuid B: Seans atá anseo do gach beirt plé a dhéanamh ar bhia traidisiúnta na hÉireann.
- Ba cheart go mbeadh an comhrá bunaithe ar na ceisteanna/freagraí faoi Chuid B.